2024/1556

27.6.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 11/2024

an 2 Feabhra 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1556]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2399 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2023 lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 a mhéid a bhaineann le hearráidí áirithe a bhaineann le hionsamhlúchán dinimice ríomhaireachtúla na sreabhán ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 45zzy (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún) de Chaibidil I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32023 R 2399**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2399 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2023 (IO L, 2023/2399, 9.10.2023).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2399 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3 Feabhra 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 79/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L, 2023/2399, 9.10.2023.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L, 2023/2235, 9.11.2023.